**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

*An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta*

**2024/2019(DEC)**

24.10.2024

# DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Choimisiúin don bhliain airgeadais 2023
(2024/2019(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Romana Tomc

PA_NonLegBudDec

## TUAIRIM

Iarrann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí ar chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2023, maille le freagraí na n-institiúidí[1], agus do na tuarascálacha speisialta ón gCúirt Iniúchóirí,

1. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur dhearbhaigh an Chúirt Iniúchóirí go gcuirtear staid airgeadais an Aontais i láthair go cothrom, ar gach slí ábhartha, i gcuntais chomhdhlúite an Aontais don bhliain 2023 ar an dáta sin;

2. á thabhairt faoi deara gur shroich na gealltanais iomlána le híoc an leibhéal is airde riamh de EUR 543 bhilliún faoi dheireadh 2023, go príomha mar gheall ar ghealltanas méadaithe i leith na gcistí atá faoi bhainistíocht chomhroinnte, chomh maith le NextGenerationEU (NGEU), ach á thabhairt faoi deara go meastar go dtiocfaidh laghdú ar na gealltanais iomlána le híoc sa tréimhse 2024-2026;

3. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go measann an Chúirt Iniúchóirí gur shroich an leibhéal earráide i gcás cheannteideal 2 CAI ‘Comhtháthú, athléimneacht agus luachanna’ 9,3 % in 2023, i gcomparáid le 6,4 % in 2022; á aithint go meastar gur caiteachas ardriosca é formhór an chaiteachais sa réimse sin toisc gur caiteachas bunaithe ar aisíocaíochtaí den chuid is mó é agus gur minic a bhíonn sé faoi réir rialacha casta; á iarraidh go ndéanfaí gníomhaíocht phráinneach chun an ráta earráide a laghdú sa todhchaí;

4. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil sé tuartha ag an gCoimisiún gurb ionann agus EUR 2,2 billiún an saoradh i gcás chistí an bheartais chomhtháthaithe don tréimhse 2024-2027, lena n-áirítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, atá a chúig oiread níos airde ná mar a bhí tuartha in 2022, go príomha mar gheall ar ionsú íseal leanúnach;

5. ag tabhairt dá haire go raibh tionchar fós ag boilsciú ard (6,4 %) ar bhuiséad an Aontais; ag tabhairt rabhaidh, bunaithe ar réamhaisnéis bhoilsciúcháin an Choimisiúin, go bhféadfadh buiséad an Aontais thart ar 13 % dá chumhacht cheannaigh a chailleadh faoi dheireadh 2025;

6. á iarraidh ar an gCoimisiún moltaí uile na Cúirte Iniúchóirí nach ndearnadh aon ghníomh ina leith fós a chur chun feidhme a luaithe is féidir.

[1] IO C, C/…, ..., ELI: ... / Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA nEINTITEAS NÓ NA nDAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir don tuairim, faoina freagracht eisiach, nach bhfuair sí ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.